



Coláiste Aonad Bainistíochta:	Taighde & Nuálaíocht UCD
Scoil Aonad:	NovaUCD
Teideal an Phoist & Réimse Ábhair:	Cásbhainisteoir - Rannpháirtíocht Tionscail
Tréimhse an Phoist:	Conradh seasta go dtí 31 Nollaig 2027
Grád:	Oifigeach Riaracháin Sinsearach IV
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme:	Bainistíocht agus Riarachán Nuálaíochta Taighde, Leibhéal Gairme 6
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist:	2025-09-066
Bainisteoir Líne:	Ceann Aistriú Eolais agus/nó a (h)ainmní
Uimhir Thagartha an Chomórtais:	019493
Riarthóir Acmhainní Daonna:	Jagoda Wychowaniak
Costais Athlonnaithe:	Ní bhaineann
Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána:	Ní bhaineann

Achoimre ar an bPost:

Cuireann an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD), an ollscoil is mó in Éirinn agus ceannaire domhanda sa taighde, fáilte roimh iarratais don phost mar Chásbhainisteoir - Rannpháirtíocht Tionscail ar an bhfoireann aistrithe teicneolaíochta atá lonnaithe in NovaUCD. Beidh ról lárnach ag an iarrthóir rathúil maidir le rannpháirtíocht UCD a neartú leis an tionscal, cumais taighde agus nuálaíochta na hollscoile a chur chun cinn, tacú le tráchtálú maoin intleachtúla UCD, agus misean UCD a chur chun cinn; 'sé sin obair agus taighde na hollscoile a chur i mbun gnímh i gcomthéacs domhanda, trí chomhoibriú a dhéanamh le fiontair agus le geallsealbhóirí eile.

Oibreoidh an t-iarrthóir rathúil go dlúth le comhghleacaithe in NovaUCD, taighdeoirí UCD, bainisteoirí forbartha gnó laistigh d'Ionaid agus Scoileanna UCD, agus oifigí riaracháin ábhartha. Feidhmeoidh siad mar phointe teagmhála lárnach le comhpháirtithe tionscail (go háirithe le SMEs) i dtionscadail atá maoinithe ag cláir ar nós scéimeanna Dearbhán Nuálaíochta agus Comhpháirtíochta Nuálaíochta ag Fiontraíocht Éireann, déanfaidh siad monatóireacht ar thionscadail a chur ar fáil, agus cuirfidh siad comhairle ar an bhfoireann aistrithe teicneolaíochta nuair a chruthaítear maoin intleachtúil (IP) laistigh de na tionscadail seo. Beidh saineolas ag an iarrthóir rathúil i ndisciplín eolaíoch nó innealtóireachta.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

1. Rannpháirtíocht Tionscail Straitéiseach

- Straitéis rannpháirtíochta tionscail a chur i bhfeidhm atá ailínithe le tosaíochtaí taighde agus nuálaíochta UCD.
- Comhoibrithe straitéiseacha a thógáil idir UCD agus eagraíochtaí seachtracha.
- Caidrimh atá ann cheana féin le cuideachtaí Éireannacha agus idirnáisiúnta a bhainistiú agus a chothú go réamhghníomhach.
- Ionadaíocht a dhéanamh ar UCD ag imeachtaí seachtracha tionscail, fóraim líonraithe, agus cruinnithe comhpháirtíochta.

2. Forbairt Chomhoibrithe Taighde

- Forbairt tionscadal comhoibríoch a éascú idir taighdeoirí UCD agus comhpháirtithe tionscail.
- Tacú le forbairt tograí le haghaidh taighde comhpháirtithe (go hiomlán nó go páirteach) agus taighde

conartha.

- Comhairle a thabhairt maidir le samhlacha comhoibrithe cuí agus cúnamh a thabhairt le téarmaí tionscadail a chaibidlíú, lena n-áirítear maoin intleachtúil, rúndacht, agus foilsíú.
- Comhordú le haonaid inmheánacha (Dlí, Airgeadas, Oifig Taighde, & NovaUCD) chun comhlíonadh agus seachadadh éifeachtach a chinntiú.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le taighdeoirí UCD agus le comhpháirtithe tionscail chun seachadtaí tionscadail i dtionscadail chomhoibríocha a mhonatóiriú.

3. Aistriú Eolais agus Tráchtálú

- Oibriú le NovaUCD chun an leas is fearr a bhaint as maoin intleachtúil luachmhar ó thionscadail, trí cheadúnas a thabhairt dóibh, comhairleoireacht a thairiscint, nó cuideachtaí nua a thosú.
- Eolas a scaipeadh faoi áiseanna iontacha, saineolas agus eolas nuálaíochta UCD.
- Cuideachtaí a nascadh leis na taighdeoirí cearta UCD agus lenár bpunanna teicneolaíochta.
- Comhoibriú le Líonra Gairmeacha UCD agus Staidéir Iarchéime chun deiseanna tabhairt faoi PhD agus intéirneachtaí a chur chun cinn.

4. Comhéadan Tallann & Scileanna

- Tacú le forbairt clár iarchéime agus gairmiúla atá nasctha leis an tionscal.
- Intéirneachtaí agus PhD a chur chun cinn i gcomhpháirtíocht le Líonra Gairmeacha agus Staidéir Iarchéime UCD.

5. Cumarsáid & Cur Chun Cinn

- Seóthaispeántais tionscail, laethanta nuálaíochta, agus cruinnithe comhchéime a eagrú.
- Cuidiú le tuarascálacha, nuachtlitreacha, agus cás-staidéir chun rannpháirtíocht tionscail UCD a chur chun cinn.

6. Tuairisciú & Meastóireacht

- Rianú agus tuairisciú a dhéanamh ar phríomhtháscairí feidhmíochta (KPIs); mar shampla, líon na gcomhoibrithe tionscail.
- Tuarascálacha feidhmíochta agus tionchair a ullmhú don bhainistíocht shinsearach agus do ghníomhaireachtaí maoinithe.
- Dualgais ábhartha eile de réir mar a chomhaontaítear leis an gCeann Aistriú Eolais agus/nó a (h)ainmní.

95 Scála Tuarastail Oifigeach Riaracháin Sinsearach IV_2013 (2010) (7078): €70,737 - €112,312 in aghaidh na bliana

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht don iomaíocht agus eolas faoi phinsean le fáil ag:

<https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilityto compete/>

Fáiltíonn UCD roimh iarratais ó chách. Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag

<https://www.ucd.ie/workatucd/diversity>

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarrthóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

Critéir Roghnúcháin

Tá Creat Teaghlaigh Poist ag UCD agus tá an ról seo mar chuid de Chnuasach Poist um **Bainistíocht agus Riarachán Nuálaíochta Taighde** agus ailíníonn sé le **Leibhéal Gairme 6**. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na hinniúlachtaí feidhmiúla agus na príomhinniúlachtaí leagtha amach sa Chreat Teaghlaigh Poist ar fáil ag:

<https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/>

Éigeantach:

Taithí agus Cáilíochtaí

- 7-10 mbliana de thaithí ghairmiúil ag obair i rannpháirtíocht tionscail, forbairt ghnó, nó bainistíocht nuálaíochta in eagraíocht mhór, in eintiteas tráchtála nó in institiúid tríú leibhéal.
- Cáilíocht tríú leibhéal i ndisciplín eolaíoch nó innealtóireachta (bheadh cáilíocht iarchéime ina bhuntáiste).
- Eolas ar chlár atá maoinithe ag gníomhaireachtaí ar nós Fiontraíocht Éireann, Taighde Éireann, agus/nó Horizon Europe.
- Cumas saincheistanna eolaíocha agus teicneolaíocha a thuiscint.
- Tuiscint láidir ar éiceachóras taighde agus nuálaíochta na hÉireann agus na hEorpa.
- Taithí ar chomhpháirtíochtaí a thógáil idir an saol acadúil agus an tionscal.
- Scileanna idirphearsanta, caibidlíochta, agus bainistíochta tionscadal den scoth.

Inniúlachtaí Feidhmiúla:

- **Timpeallacht Taighde:** Tuiscint a fháil ar an timpeallacht taighde inmheánach agus sheachtrach ar scála náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tionchar a imirt uirthi, lena n-áirítear ról na n-ollscoileanna sa taighde, beartas ábhartha, foinsí maoinithe, struchtúir eagraíochta inmheánaí, bibliomhéadracht, agus treochtaí eacnamaíocha/teicneolaíochta.
- **Aistriú Teicneolaíochta:** Eolas ar chearta maidir le maoin intleachtúil agus ar an bPrótacal Náisiúnta um Maoin Intleachtúil. Taithí oibre chuí laistigh de thimpeallacht acadúil agus/nó tionsclaíoch, lena n-áirítear sainaitheint agus tráchtálú maoin intleachtúla trí cheadúnú agus/nó forbairt fiontar nua.
- **Beartas agus Rialachas:** Forbairt agus cur i bhfeidhm bheartas ollscoile chun a chinntiú go ndéantar taighde agus nuálaíocht i gcomhréir leis na ceanglais riachtanacha go léir, agus go gcuirtear struchtúir rialachais i bhfeidhm chun maoirseacht a dhéanamh air seo.
- **Tacaíocht Tograí:** Eolas ar na céimeanna éagsúla d'fhorbairt togra ó thús go deireadh, lena n-áirítear tuiscint a fháil ar ghlaonna, tacaíochtaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, glaonna a bhainistiú, athbhreithniú a dhéanamh ar thograí agus comhairle a thabhairt orthu.
- **Scileanna Taighde & Nuálaíochta Spriocdhírthe:** Eolas agus cur i bhfeidhm saineolais speisialaithe i réimsí ábhartha taighde, lena n-áirítear: Oideachas agus Rannpháirtíocht Phoiblí, Tionchar, Rochtain Oscailte, Inscne & Éagsúlacht, Forbairt Ghnó.

Príomhinniúlachtaí

- **Caidrimh a Chothú:** Cumas caidrimh oibre éifeachtach a chothú laistigh dá réimse féin agus ar bhonn níos leithne le comhoibriú agus comhar a spreagadh i réimsí eile agus comhpháirtíochtaí a chothú chun torthaí a bhaint amach.
- **Pleanáil agus Eagrúcháin:** An cumas a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú, tosaíochtaí soiléire a leagan amach agus a chinntiú go mbaintear spriocdhátaí amach, chomh maith le gníomhaíochtaí a eagrú, tascanna a chur le chéile agus a scaradh chun aschur a sholáthar de réir achar ama soiléir chun cuspóirí an Aonaid a bhaint amach
- **Feasacht Eagraíochta:** Tuiscint láidir a léiriú ar UCD ina iomláine, lena n-áirítear struchtúir rialachais agus rialacháin.
- **Athrú a Bhainistiú:** An cumas tabhairt faoi chur chuige dearfach chun dul i ngleic leis an obair chomh maith le hathruithe a ghlacadh agus aiseolas a bhaineann le feidhmíocht a lorg agus déileáil leis go cuiditheach.
- **Bainistíocht Tionscadail:** Cumas maith chun a chinntiú go sainmhínítear spriocanna, cuspóirí agus critéir ratha tionscadail nó clár go soiléir ag an tús, ról agus freagrachtaí gaolmhara, spriocanna insólathartha, garspriocanna a shoiléiriú agus plean tionscadail mionsonraithe a fhorbairt agus monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an dul chun cinn ina leith.
- **Páirtithe Leasmhara a Bhainistiú:** Cumas an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht na bpáirtithe

leasmhara a thuiscint, riachtanais na bpáirtithe leasmhara a fhreagairt, ionchais a bhainistiú agus caidrimh oibre láidre le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha a fhorbairt agus a chothú

Inmhianaithe:

- Cáilíocht iarchéime. Mar shampla, MSc nó PhD.
- Eolas ar an bPrótacal Náisiúnta um Maoin Intleachtúil.
- Eolas ar chonarthaí taighde ollscoile.
- Bainistíocht agus ceadúnú maoine intleachtúla.
- Taithí le gníomhaireachtaí maoinithe ar nós Fiontraíocht Éireann, Taighde Éireann, agus/nó Horizon Europe.

Eolas Breise:

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD 2030 Teorainneacha a Shárú:	https://strategy.ucd.ie/
Taighde & Nuálaíocht UCD:	http://www.ucd.ie/researchandinnovation/
NovaUCD:	http://www.ucd.ie/innovation
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD:	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:

Ainm:	An Dr Ciaran O'Beirne
Teideal:	Ceann Seirbhísí Aistrithe Eolais
Seoladh r-phoist:	ciaran.obeirne@ucd.ie

KT Boost is co-funded by the Government of Ireland and the European Union through the ERDF Southern, Eastern & Midland Regional Programme 2021-2027



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



Arna chomhchistiú ag
an Aontas Eorpach
Co-funded by the
European Union



Tionól Réigiúnach
an Deiscirt
Southern Regional
Assembly



Enterprise
Ireland